Cód Iompair d'iontaobhaithe

(Stiúrthóirí)

An Foras Pátrúnachta

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Cód Iompair d'iontaobhaithe (Stiúrthóirí) An Foras Pátrúnachta

An Foras Pátrúnachta

Cód Iompair d'iontaobhaithe

Tríd an doiciméad seo a léamh agus trí ghlacadh leis an ról mar iontaobhaí carthanais ar An Foras Pátrúnachta, comhaontaíonn gach iontaobhaí carthanais leis na freagrachtaí seo a leanas a ghabháil orthu féin:

Iompar Ginearálta

- Ceanglaítear ar iontaobhaithe carthanais gníomhú le macántacht agus le hionracas agus dea-bhreithiúnas a fheidhmiú. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná comhairle ghairmiúil a lorg ar nithe cuí nach bhfuil saineolas ábhartha ag na hiontaobhaithe carthanais orthu.
- Ceanglaítear ar iontaobhaithe carthanais gníomhú le barr leasa an charthanais i gcónaí.

Neamhspleáchas

- Ceanglaítear ar iontaobhaithe carthanais gníomhú go neamhspleách, go háirithe i dtaca le sócmhainní, maoin agus oibleagáidí dlíthiúla agus rialála.
- Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais iad féin a iompar le hionracas agus ar bhealach nach ndéanann damáiste do cháil an charthanais nó dá chuid oibrithe deonacha agus fostaithe agus nach mbaineann an bonn de cháil an charthanais nó na ndaoine sin. Rud ba shonraí fós:
    - níor cheart d'iontaobhaithe carthanais aon oibleagáid airgeadais nó aon oibleagáid eile a ghabháil orthu féin i leith daoine aonair nó eagraíochtaí seachtracha a d'fhéadfadh féachaint le tionchar a imirt orthu ansin le linn dóibh na dualgais atá orthu a chur i gcrích;
    - níor cheart d'iontaobhaithe carthanais gabháil d'iompar míchuí iarbhír agus níor cheart aon chuma a bheith ann gur ghabh siad d'iompar míchuí.
- Níor cheart d'iontaobhaithe carthanais gníomhú ar mhaithe le tairbhí airgeadais nó tairbhí eile a ghnóthú dóibh féin, d'aon daoine atá bainteach leo, amhail baill teaghlaigh agus cairde, nó d'aon eagraíocht atá faoina n-úinéireacht nó faoina mbainistíocht nó dá n-oibríonn siad.

- Níor cheart d'iontaobhaithe carthanais glacadh le haon bhronntanas agus fáilteachas a bhféadfaí a mheas le réasún go n-imreodh sé tionchar orthu le linn dóibh an ról mar iontaobhaí carthanais a chur i gcrích. Níor cheart luach os cionn €500 a bheith ar aon bhronntanas nó fáilteachas a gheofar i dtaca leis An Foras Pátrúnachta. Ba cheart aon bhronntanas nó fáilteachas a gheofar a dhearbhú don Bhord.

Na Róil atá ag Iontaobhaithe Carthanais

Maidir le hiontaobhaithe carthanais:

- Ba cheart dóibh na róil atá acu agus na freagrachtaí atá orthu a thuiscint agus iad sin a chur i gcrích chomh maith agus is féidir leo i gcónaí.
- Ba cheart dóibh bheith réidh le cibé am is gá a chur isteach ionas gur féidir leo an ról mar iontaobhaí carthanais a chomhlíonadh, áit a ndéanfaidh siad ullmhúchán dóthanach do chruinnithe agus a ghlacfaidh siad páirt i gcoistí agus in imeachtaí speisialta nuair is gá.

Cruinnithe Boird

Maidir le hiontaobhaithe carthanais:

- Ba cheart dóibh féachaint le freastal ar gach cruinniú agus rannchuidiú cuí éifeachtach a dhéanamh lena linn agus níor cheart dóibh an rannchuidiú ó dhaoine eile a shárú.
- Ba cheart dóibh údarás an Chathaoirligh ar an mBord agus údarás an Chathaoirligh ar aon chruinniú a urramú.
- Ba cheart dóibh tuairim chothrom leathanaigeanta a chur in iúl le linn gach díospóireachta de chuid an bhoird, cothromaíocht chuí a bhaint amach idir labhairt agus éisteacht, tuairimí difriúla a urramú agus a chinntiú go ndéantar gach cinneadh le barr leasa an charthanais.
- Ós rud é go bhfuil comhfhreagracht ar na hiontaobhaithe carthanais as cinntí an bhoird, ba cheart dóibh dearcadh fíor-neamhspleách a chur in iúl ar mhaithe le cinnteoireacht a fheabhsú.
- Ba cheart dóibh a chinntiú go ndéanann siad rannchuidiú eolasach neamhchlaon agus tuairimí á gcur in iúl acu ar thopaicí le linn cruinnithe. Ag an am céanna, ba cheart dóibh éisteacht leis an ionchur ó iontaobhaithe carthanais eile agus a gcuid taithí a urramú.

Oibrithe deonacha/Fostaithe laistigh den Charthanas

Maidir le hiontaobhaithe carthanais:

- Ba cheart dóibh féachaint le tacaíocht a thabhairt d'oibrithe deonacha agus fostaithe le linn dóibh na dualgais atá orthu a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh fónamh i gcónaí mar eiseamláir den dóigh ar cheart do gach duine sa charthanas iad féin a iompar ar mhaithe le luachanna an charthanais a léiriú.
- Ba cheart dóibh obair go tuisceanach agus go cothrom le gach duine ar bhealach a urramaíonn éagsúlacht agus na róil dhifriúla agus na teorainneacha atá ann. Níor cheart dóibh olc a chur ar aon duine le linn a gcuid oibre.
- Ba cheart dóibh glacadh leis an difríocht atá ann idir ról an bhoird ar thaobh amháin agus ról na n-oibrithe deonacha agus na bhfostaithe ar an taobh eile agus an difríocht sin a urramú. Ba cheart dóibh a chinntiú go n-oibríonn an bord, oibrithe deonacha agus aon fhostaithe le chéile ar bhealach comhtháite éifeachtach chun tairbhe don charthanas. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh caidreamh atá dílis agus tacúil go comhpháirteach a fhorbairt ar na bealaí seo a leanas:
    - socruithe bainistíochta a urramú agus gan tabhairt faoi aon ghníomhartha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de shocruithe den sórt sin;
    - gan cur isteach ar oibrithe deonacha nó fostaithe le linn dóibh na dualgais atá sannta dóibh laistigh den charthanas a chur i gcrích agus a chinntiú ag an am céanna go gcoinníonnan t-Ard-Rúnaí oibrithe deonacha agus aon fhostaithe cuntasach as a gcuid gníomhartha.

Ceanglais Dhlíthiúla agus Beartais

Maidir le hiontaobhaithe carthanais:

- Ní mór dóibh gníomhú de réir dhoiciméad rialaithe an charthanais agus a chinntiú go gcomhlíonann an carthanas gach dlí is infheidhme, lena n-áirítear an dlí carthanas, dlí na gcuideachtaí, an dlí um shláinte agus sábháilteacht, an dlí um chosaint sonraí agus dlí na fostaíochta.
- Ní mór dóibh oibleagáidí rúndachta a chur chun cinn agus a chaomhnú i leith nithe íogaire a bhaineann leis an mbord. Is féidir nach mbeidh feidhm ag an gceanglas rúndachta sin, áfach, i gcás gur gá don iontaobhaí carthanais fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas nó aon chomhlacht reachtúil eile faoi aon ní a d'fhéadfadh todhchaí

an charthanais a chur i mbaol nó a d'fhéadfadh a bheith ina shárú ar aon dlí a gceanglaítear ar an gcarthanas é a chomhlíonadh.

- Ní mór dóibh cloí le beartas coinbhleachta leasa nó dílseachta an charthanais agus a chinntiú go ndéantar clár coinbhleachtaí leasa an charthanais a chomhlánú agus a nuashonrú de réir mar is gá.
- Ní mór dóibh cloí le haon bheartais chomhionannais, éagsúlachta, chosanta, sláinte agus sábháilteachta, bhulaíochta agus chiaptha agus aon bheartais eile atá comhaontaithe ag an mbord.
- Ní mór dóibh a chinntiú go ndéantar éilimh ar chostais as póca de réir nósanna imeachta comhaontaithe.

I gcás go bhfaighfear amach gur sháraigh iontaobhaí carthanais na caighdeáin atá leagtha amach ag an mbord sa Chód Iompair uaidh, iarrfar ar an iontaobhaí carthanais bualadh leis an gCathaoirleach ar an mbord chun a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil sé/sí oiriúnach don ról. Foirceannfar tionacht an iontaobhaí carthanais i gcás go sáróidh sé/sí an Cód Iompair arís agus arís eile.

Ba cheart don bhord iontaobhaithe carthanais an Cód Iompair seo d'iontaobhaithe a athbhreithniú gach trí bliana nó de réir mar is cuí.

Sínithe: _____

Ainm: _____

Dáta: _____